

Bileog eolais ar Athbhreithniúchán Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe 2017

Cuspóirí

Ba iad cuspóirí an Athbhreithniúchán Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe ná:

- An meánleibhéal gníomhaíochta tacsaithe i mbliain a thomhais, bunaithe ar shonraíocht suirbhéanna, ar thaighde a dhéanamh ar thorthaí agus ar shonraíocht an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO).
- Gach comhpháirt d'Innéacs Costas Tacsaithe (TCI) a nuashonrú, le costas seasta an mheántacsaí, agus costas coinneála an mheántacsaí curtha san áireamh, bunaithe ar leibhéal gníomhaíochta agus ar chostais shaothair.
- Cinneadh a dhéanamh ar an ardófar uastáillí, an laghdófar iad, nó an gcoimeádfar iad ar na leibhéil reatha.

Innéacs Costas Tacsáí

Is áis chainníochtúil í an t-Innéacs Costas Tacsáí (TCI) atá á úsáid ag an NTA le hathrú na gcostas a bhaineann le hoibriú tacsáí a mheasúnú. Is é príomhchuspóir an TCI ná cur chuige caighdeánach a sholáthar i measúnú an ghá le coigeartú táillí. Ag gach tréimhse dá bhliain, úsáideadh an t-innéacs le hathrú céatadán sna costais oibriúcháin a dhearbhu, le húsáid innéacsanna praghsanna foilsithe, go príomha. Ní bhíonn an TCI ag iarraidh dearbhchostais aon tiománaí aonair a léiriú ach meastachán na gcostas atá le n-íoc ag an meántiománaí, bunaithe ar na treoirphrionsabail siúd a leanas:

- Caitear go n-ionadaíonn an TCI athruithe sna costais le n-íoc ag an meántiománaí;
- Caitear go soláthraíonn sé toradh cothrom don saothar a rinne an tiománaí;
- Caitear go bhfuil sé bunaithe ar thiománaí atá ag leanúint ghnáthchleachtadh na tionsclaíochta; agus
- Is iad na costais atá curtha san TCI ná na costais reatha agus sheasta go léir, agus comhpháirt costas saothair, agus comhcheanglaítear na costais chun costas foriomlán oibriúcháin tacsáí sa bhliain a bhaint amach.

Tá trí ghnéithe de na costais a áirítear san TCI - Costais Reatha, Costais Sheasta agus Costais Shaothair Tá déantús na gcomhpháirteanna seo leagtha amach thíos. Is féidir sonraí breise a fháil ón Tuairisc Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe 2017.

Costais Reatha (*Bunaithe ar mhíleáitse bliantúil 32,624km ó CSO*)

Comhpháirt Innéacs	Costais 2016
Breosla	€ 1,918
Seirbhísiú	€ 437
Glantachán	€ 988
Boinn	€ 373
Páirteanna Spártha	€ 294
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€300
Costais Reatha Fhoriomlán	€4,309

Costais Sheasta

Comhpháirt Innéacs	Costais 2016
Ceannachán agus Maoiniú Cairr	€ 3,534
Árachas*	€ 2,400
Cíos Raidió/Aipe	€ 4,752
Ath-Threalamh – riachtanais rialála	€298
Athnuachan Feithicil Tacsáí	€ 150
Cáin Bhóthair	€ 95
Táillí Aerfort	€38
An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNG)	€ 67
Fíorúchán Méadar	€ 43
Calabhrúchán agus Ríomhchlárúchán Méadar	€ 45
Ceadúnas Tiomána SPSV	€ 50
Ceadúnas Náisiúnta Tiomána	€ 6
Costais Fhoriomlán Sheasta	€ 11,478

* Thug suirbhé ar 500 Tiománaí an meánfhigiúr €2,248. Bhí luachain shamplacha idir €2,122 to €2,500. Úsáideadh meánfhigiúr €2,400. Ba é figiúr coibhéiseach 2014 ná €1,817.

Costais Shaothair (*Tá sé seo tógtha ó innéacs CSO um oibrithe iompair*)

Comhpháirt Innéacs	Costais 2016
Costais Shaothair	€23,945

Costais Fhoriomlán le haghaidhInnéacs Costas Tacsaithe 2016

Comhpháirt Innéacs	Costais 2014	Costais 2016
Costais Reatha	€4,026	€4,309
Costais Sheasta	€ 10,222	€ 11,478
Costais Shaothair	€24,246	€23,945
Costais Fhoriomlán	€ 38,493	€ 39,732
Athrú % ó Athbhreithniúchán 2014		+3.22%

Achoimre

Léiríonn an t-Innéacs Costas Tacsaithe gur ardaíodh na costais a bhaineann le hoibriú tacsai ar 3.22% ó 2014, bunaithe ar leibhéil bhliantúla mhéadaithe tacsaithe ó shonraíocht CSO.

Feidhmiú na n-arduithe

Léiríonn na cláir thíos conas mar a chuirfí an t-ardú 3.22% i bhfeidhm sa struchtúr reatha táillí.

Struchtúr Reatha Uastáillí			Struchtúr Féideartha Uastáillí			
	Táille Chaigh- deánach <i>(08.00u-20.00u)</i>	Táille ar biseach <i>(20.00u-8.00u, ar an Domhnach agus ar Laethanta Saoire Bainc)</i>		Táille Chaigh- deánach <i>(08.00u-20.00u)</i>	Táille ar biseach <i>(20.00u-8.00u, ar an Domhnach agus ar Laethanta Saoire Bainc)</i>	
Táille thosaigh	€3.60	€4.00		Táille thosaigh	€3.80	€4.20
Taraif A (Suas go 15 km)	€1.10 an km €0.39 an nóim.	€1.40 an km €0.49 an nóim.	➡	Taraif A (Suas go 15 km)	€1.14 an km €0.40 an nóim.	€1.45 an km €0.51 an nóim.
Taraif B (Thar 15 km)	€1.45 an km €0.51 an nóim.	€1.75 an km €0.62 an nóim.		Taraif B (Thar 15 km)	€1.50 an km €0.53 an nóim.	€1.80 an km €0.64 an nóim.

Ag úsáid Struchtúr na n-Uastáillí Féideartha agus bunaithe ar (i) ualú idir Am Caighdeánach agus Am ar Bisigh agus (ii) ag gearradh táillí de réir achar agus meánluach breisithe le haghaidh paisinéirí breise nó glaoch amach, ba é toradh an struchtúr athbhreithnithe thuas ná ardú táillí thar achair éagsúla idir ar 3.2% agus ar 3.5%.

Calabruichán agus Fíorúchán Mhéadar Tacsaithe

Má dhéantar athrú ar Tháille Náisiúnta Tacsaithe, caithfidh gach méadar tacsáí a bheith calabraithe ag suiteálaithe príobháideacha bogearraí méadair tacsaithe chun an táille nua sin a ríomh, agus ansin caithfidh gach gléas a bheith fíoraithe ag an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla NSAI, go ríomhtar an táille nua i gceart.

Cosnaíonn calabruichán idir €50 to €110 ag brath ar an suiteálaí príobháideach bogearraí a úsáidtear.

Cosnaíonn fíorúchán an Mhéadar Tacsáí ath-chláraithe €86 agus caitear é a bheith déanta ag Fíoraitheoir Creidiúnaithe an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla.

Dátaí Éaga An Chlár Mhéadar Tacsáí.

Feidhmíonn méadair thacsáí ar fhéilire suas go 5 bliana, ina ríomhchláraítear gach taraif ábhartha le haghaidh gach ama agus gach dáta agus cuirtear isteach i ngach méadar iad i dteannta le sonraí na ndátaí a dtitear laethanta saoire bainc sa todhchaí orthu.

Tá tuairim is 35 leagan Mhéadar Tacsáí atá in úsáid sna 17,000 tacsaithe atá ceadaithe le 'ply for hire' in Éirinn. Tá dátaí éaga éagsúla ina bhféilirí ag cuid mhór díobh mar a léirítear thíos:

- 2018 – 1,458 aonad;
- 2019 – 3,975 aonad;
- 2020 – 1,979 aonad; agus
- 2021 – 9,557 aonad.

Amlínte le haghaidh Ath-Ríomhchlárúcháin agus Fíorúcháin

Tá gníomhartha éagsúla atá ag teastáil tar éis Uastáillí Náisiúnta nua a chur i bhfeidhm.

Is é an chéad ghníomh ná go gcaithfidh soláthraithe na Méadair Thacsaithe éagsúla ríomhchláir bhogearraí a ullmhú le haghaidh gach méadair chun an struchtúr athbhreithnithe táillí a chur i bhfeidhm.

Caitear gach ríomhchlár bogearraí a thabhairt don tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla NSAI a athbhreithníonn agus a fhaomhann nó a dhiúltaíonn an ríomhchlár a cuireadh isteach. Ní féidir leis na suiteálaithe/soláraithe tús a chur ar shuiteáil an ríomhchláir sna méadair aonair ach an ríomhchlár bogearraí a bheith ceadaithe ag an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla. Tógann próiseas ullmhúcháin na gclár nua agus faomhadh a fháil ón tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla timpeall 2 nó 3 mhí.

Tar éis fhaomhadh an ríomhchláir, is ansin gur féidir le soláthraí/ suiteálaí an mhéadair thacsáí sin, na cláir i méadair thacsáí aonair a athsholáthar/ nuashonrú. Braithfidh fad an phróisis sin ar mhéid na suiteálaithe agus na bhfeithiclí a mbeidh an méadar tacsáí áirithe sin acu. Tá tréimhse trí mhíosa ag teastáil leis an nuashonrúchán a chríochnú.

I ndiaidh ath-ríomhchlárúcháin gach feithicil, ach comhreathach le próiseas nuashonraithe mhéadair na dtacsaithe go léir, caitear feithiclí a bheith tástáilte agus fíoraithe mar ceart ag fíoraitheoir an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla.